

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comórtas oscailte chun Oifigeach Oideachais
iar-bhunscoile a cheapadh

Leabhrán Eolais

Deireadh Fómhair 2022

Oifigeach Oideachais iar-bhunscoile sa Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

1. An ceapachán

Is mian le COGG Oifigeach Oideachais iar-bhunscoile a cheapadh a thacóidh leis an obair atá ar bun, maidir leis *An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*.

Seoladh *An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* i nDeireadh Fómhair 2016 agus tá dualgais bhreise ar COGG maidir le feidhmiú an pholasaí sin. Tá síneadh tugtha do shaolré an Pholasaí go dtí 2024.

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais 1998 le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna agus ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le teagasc trí Ghaeilge sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, agus maidir le teagasc na Gaeilge i scoileanna uile na tíre, chomh maith le soláthar áiseanna teagaisc a chomhordú, seirbhísí taca a chur ar fáil agus taighde a sheoladh.

D'fhéadfadh, ach ní gá, gur ar bhonn iasachta a dhéanfar an ceapachán. Tréimhse bliain go leith a bheidh i gceist ar dtús ach d'fhéadfaí cur leis an tréimhse sin de réir Imlitir 0029/2018. Beidh deireadh leis an gconradh ar an 31 Lúnasa 2024. Is i mBaile Átha Cliath atá príomhoifig COGG agus tá fo-oifig sna Forbacha i gContae na Gaillimhe ach ní gá go mbeadh an tOifigeach lonnaithe i gceachtar de na hoifigí sin.

Beidh an tOifigeach Oideachais iar-bhunscoile ag obair le hOifigeach Oideachais bunscoile le treoir agus comhairle a chur ar fáil, i bpáirt leis an gcigireacht agus leis na seirbhísí taca, maidir le feidhmiú an Pholasaí agus tacú le scoileanna i gcur i bhfeidhm an tumoideachais agus na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Beidh an tOifigeach freagrach as cláir Forbairt Ghairmiúil (FGL) leanúnach a dhearadh agus a chur i láthair, as comhordú a dhéanamh ar sholáthar FGL do mhúinteoirí agus do

phríomhoidí agus as clár feasachta a chur ar fáil do phobail na scoileanna agus as tacú le líonraí a fhorbairt de mhúinteoirí scoileanna Gaeltachta.

Beidh freagrachtaí freisin maidir le gnáthobair COGG, comhfhreagras leis an bpobal, freastal ar chruinnithe, labhairt thar ceann COGG agus gnáthchúraim riaracháin ar an té a cheapfar.

2. Riachtanais

- **saineolas ar an oideachas Gaeltachta agus ar oideachas lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile**
- eolas cuimsitheach agus tuiscint ar chóras oideachais na hÉireann agus ar chóras oideachais na Gaeltachta agus lán-Ghaeilge san áireamh
- eolas cuimsitheach agus tuiscint ar *An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (Síneadh tugtha don Pholasaí go dtí 2024)* agus ar fheidhmiú an tumoideachais
- tuiscint ar mhodheolaíochtaí do theagasc ag leibhéal na hiar-bhunscoile
- eolas cuimsitheach ar na seirbhísí taca éagsúla atá ag feidhmiú le scoileanna
- eolas cuimsitheach ar na hacmhainní foghlama atá ar fáil don teagasc trí Ghaeilge
- ardchaighdeán i labhairt agus i scríobh na Gaeilge
- sárscileanna cumarsáide agus cur i láthair
- scileanna i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
- láncheadúnas glan tiomána agus carr.

Inmhianaithe

- Cáilíocht inniúlachta teanga TEG, Gradam Leibhéal B2 nó níos airde
- Taithí ar theagasc in iar-bhunscoil Ghaeltachta
- Rannpháirteachas sa phleanáil teanga
- Cáilíocht iarchéime ábhartha
- Scileanna agus taithí ar a bheith ag obair le suíomhanna gréasáin agus le meáin dhigiteacha

3. Luach saothair

Seo a leanas scálaí tuarastail an Oifigigh Oideachais:

Ranníocaíocht Pinsin Neamhphearsanta

Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás nach gceanglaíonn an dlí ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

€53,552 €56,960 €59,382 €61,911 €64,427 €66,920 €70,057

€73,741 €78,103 €82,524 €86,117 €88,902 €91,680

RPP

			NMAX	LSI1*	LSI2**	
--	--	--	------	-------	--------	--

€56,278 €59,860 €62,413 €65,064 €67,716 €70,338 €72,543

€77,626 €82,214 €86,873 €90,655 €93,575 €96,504

			NMAX	LSI1*	LSI2**	
--	--	--	------	-------	--------	--

Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás gur státseirbhíseach nó fostaí san earnáil phoiblí é/í an ceapaí, a earcaíodh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin.

* Ag deireadh trí bliana de sheirbhís shásúil ag an uaschéim.

** Ag deireadh sé bliana de sheirbhís shásúil ag an uaschéim.

I ndáil le hiontrálacha nua chuig an tseirbhís phoiblí, ceanglaíonn beartas an Rialtais orainn gach post a líonadh ag an gcéad phointe den scála. Ach duine ar bith a cheapfar ar iasacht ón earnáil oideachais agus a bhfuil tuarastal níos airde aige/aici ná an chéad phointe de scála na nOifigeach Oideachais d'fhéadfaí é/í a chur ag pointe iomchuí ar an scála cuí. Tabhair faoi deara go bhfuil liúntais agus a gcur chun feidhme faoi réir athbhreithniú leanúnach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus go bhféadfaí iad a athrú. Lena chois sin, d'fhéadfaí an ráta luach saothair a athrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais agus tá an tuarastal faoi réir gach asbhaint reachtúil, lena n-áirítear Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean.

4. Saoire bhliantúil

Tríocha lá oibre a bheidh sa liúntas saoire bhliantúil, pro rata d'fhad an chonartha. Liúntas é sin a bheidh faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bhliantúil agus atá bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá. Ní áireofar air na gnáthlaethanta saoire phoiblí.

5. Suíomh

Tá príomhoifig COGG ag 23 Plás Windsor, Baile Átha Cliath 2 agus tá fo-oifig sna Forbacha i gContae na Gaillimhe. **Beidh ar an té a cheapfar a bheith i láthair sa phríomhoifig go rialta** ach d'fhéadfaí socruithe oibre neamhchaighdeánacha a éascú ar a n-áirítear obair i suíomh oifige gar don bhaile.

6. Comhdheiseanna

Fostóir comhdheiseanna is ea COGG.

7. Eagar an chomórtais

Tá an ceart ag COGG iarratasóirí a ghearrliostú.

Seolfar ríomhphost le sonraí agallaimh chuig na hiarratasóirí ar an ngearrliosta.

Beidh na hagallaimh ar siúl i mBaile Átha Cliath.

Ar bhonn **agallamh iomaíoch** a dhéanfar an roghnú. Beidh an t-agallamh bunaithe ar na hinniúlachtaí a bheidh riachtanach chun dualgais agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach sna liostaí riachtanas don phost.

Roimh an bpríomhagallamh, beidh triail scríofa Ghaeilge ag leibhéal B2 Gradam den bhFráma Tagartha Eorpach le déanamh ag iarratasóirí (Féach www.teg.ie).

8. Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí litir iarratais agus CV (le hainmneacha beirt mholtóirí) a chur ar fáil ag léiriú mar a chomhlíonann siad riachtanais an phoist. Iarrtar go gcuirfí seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin póca ar fáil leis an iarratas.

9. An dáta druidte

Ní mór an litir iarratais agus an CV a bheith faighte ag poist@cogg.ie ag tráth nach moille ná **5.00 i.n.** **Déardaoin an 27 Deireadh Fómhair 2022.**

Admhófar gach iarratas. Is ceart athrú ar sheoladh poist agus/nó ar sheoladh ríomhphoist a chur in iúl láithreach.

10. Cáilitheacht

Meabhraítear nach ceadmhach d'iarratasóirí cur isteach ar an gcomórtas seo má bhain siad tairbhe as na scéimeanna scoir seirbhís phoiblí leagtha amach thíos.

An Scéim Luathscoir Dreasaithe (SLSD)

Coinníoll is ea é den Scéim Luathscoir Dreasaithe, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 na Roinne Airgeadais, toirmeasc a bheith ar lucht scoir, faoin scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní ceadmhach don lucht scoir iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Imlitir na Roinne Sláinte agus Leanaí 7/2010

Tugadh isteach le hImlitir 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí Sprioscscéimeanna le haghaidh Luathscor Deonach (VER) agus Iomarcaíocht Dheonach (VRS). Coinníoll is ea é den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe lena n-athfhostú in earnáil na sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead poiblí. Baineann an toirmeasc céanna ar athfhostú leis na scéimeanna iomarcaíochta ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach seacht mbliana, agus go mbeidh athfhostú ina dhiaidh sin faoi réir cheadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin cáilithe le cur isteach ar an gcomórtas seo.

Dearbhú:

Iarrfar ar iarratasóirí dearbhú a thabhairt cibé ar bhain siad leas roimhe seo as scéim luathscoir dreasaithe seirbhís phoiblí. Beidh ar iarratasóirí, leis, dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíocht atá acu ar phinsean Seirbhís Phoiblí (atá á híos nó á chaomhnú) ó aon fhostaíocht Seirbhís Phoiblí eile agus/nó cibé an bhfuair siad íocaíocht in ionad i dtaca le haon seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhís Phoiblí.

11. Rúndacht agus Cosaint Sonraí

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Cosaint Sonraí

Cuireann COGG, mar chomhlacht reachtúil na Roinne Oideachais agus Scileanna, comhairle ar an Aire (Oideachas, 1998, Alt 31). Tugann an Chomhairle faoi iarrthóirí oiriúnacha a earcú, a mheasúnú agus a roghnú lena gceapadh de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Úsáideann COGG comhaltaí boird seachtracha chun gearrliosta a réiteach agus iarratasóirí a chur faoi agallamh. Faigheann na comhaltaí sin sonraí na n-iarratasóirí chun cabhrú leis na próisis measúnaithe agus roghnaithe. Tá sé de dhualgas ar na comhaltaí faisnéis dá leithéid a choinneáil faoi rún agus slán, agus í a scríosadh i ndiaidh na próisis a chur i gcrích. Má ghlacann iarratasóir le post le COGG, cuirtear a s(h)onraí lena c(h)omhad Acmhainní Daonna. Coinnítear sonraí na n-iarratasóirí ar phainéil go dtí go dtéann an painéal in éag. Scriostar na sonraí ina dhiaidh sin. Scriostar sonraí ó iarratasóirí nach n-éiríonn leo sé mhí i ndiaidh a n-agallaimh. Stóráiltear na sonraí ar fad a bhailítear don earcaíocht go rúnda agus go slán.

12. Freastal ar agallamh

Faoi na hiarratasóirí a bheidh sé a bheith ar fáil chun agallaimh agus pé socruithe is gá a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaighidh siad teachtaireachtaí a sheolfar chucu ag an seoladh r-phoist a shonraítear san iarratas. Ní bheidh COGG freagrach as costais arna dtabhú ag iarratasóirí. Féach:

https://www.publicjobs.ie/documents/Codes_Appointment_to_positions_in_the_CS_2017_Gaeilge.pdf

I gcás na n-iarratasóirí nach bhfuair cuireadh chun agallaimh, is féidir leo fiafraí cén fáth nár éirigh leo. Agus de réir an chóid chleachtais in *Ceapachán Chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* cuirfear an t-eolas sin ar fail i slí atá “soiléir, sonrach agus fiúntach” agus a mhíníonn “an bonn leis an gcinneadh”.

13. Cásanna ina measfar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar i gcás iarratasóra

(a) nach soláthraíonn, nuair a iarrtar í, fianaise a éilíonn COGG maidir le haon ghnó a bhaineann lena (h)iarrthóireacht;

(b) nach bhfreastalaíonn ar an tástáil riachtanach ag an am agus san áit a cheapfar;

(c) nó, nach nglacann le ceapachán agus nach dtéann i mbun dualgais mar a socraíodh, nuair a ofráiltear ceapachán dó/di;

(d) measfar go bhfuil a (h)iarrthóireacht tarraingthe siar aige/aici, mura gcinneann COGG a mhalairt faoina lánrogha féin.

14. Ceisteanna

Féadfar ceist ar bith mar gheall ar an bpróiseas nó ar an ról a sheoladh chuig poist@cogg.ie